



Council of the
European Union

197650/EU XXVII. GP
Eingelangt am 26/09/24

Brussels, 26 September 2024

Interinstitutional File:
2015/0268 (COD)

10584/1/24
REV 1

JUR 263
EF 190
ECOFIN 625
CODEC 1405

LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF

Subject: Regulation (EU) 2017/1129 of the European Parliament and of the Council of 14 June 2017 on the prospectus to be published when securities are offered to the public or admitted to trading on a regulated market, and repealing Directive 2003/71/EC
(*Official Journal of the European Union L 168 of 30 June 2017*)

LANGUAGES concerned: **GA, SV**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in a number of language versions)

This REV 1 of the Corrigendum/Rectificatif concerns the SV version only.

This text has also been transmitted to the European Parliament.

TIME LIMIT for the observations by Member States: 8 days

OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu
(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)

CEARTÚCHÁN

ar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 168 an 30 Meitheamh 2017)

(IO L Eagrán Speisialta Gaeilge 168, lch. 12)

1. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí den fhocal ‘riosca’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal ‘prialacal’ sa Rialachán seo tríd síos.
2. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘toisc riosca’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘fachtóir priacail’ sa Rialachán seo tríd síos.
3. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘tuairisc ghairid’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘tuairisc ghearr’ sa Rialachán seo tríd síos.
4. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘toisc nua tábhachtach’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘fachtóir nua tábhachtach’ sa Rialachán seo tríd síos.
5. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘toisc nua tábhachtach’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘fachtóir nua suntasach’ sa Rialachán seo tríd síos.
6. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘tosca a dhéanann difear dá gnó’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘fachtóirí a dhéanann difear dá gnó’ sa Rialachán seo tríd síos.
7. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘míniú an lucht bainistíochta ar thosca’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail ‘míniú an lucht bainistíochta ar fhachtóirí’ sa Rialachán seo tríd síos.

8. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí den fhocal ‘staidreamh’ in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal ‘staitisticí’ sa Rialachán seo tríd síos.

9. Ar leathanach 30, Airteagal 2, pointe (g):

in ionad:

‘ciallaíonn “institiúid chreidmheasa” gnóthas mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;’,

léitear:

‘ciallaíonn “institiúid creidmheasa” gnóthas mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;’.

10. Ar leathanach 31, Airteagal 2, pointe (u):

in ionad:

‘ciallaíonn “saoráid trádála iltaobhach” nó ‘STI’ saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear in i bpointe (22) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;’,

léitear:

‘ciallaíonn “saoráid trádála iltaobhach” nó ‘MTF’ saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear in i bpointe (22) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;’.

11. Ar leathanach 31, Airteagal 2, pointe (v):

in ionad:

‘ciallaíonn “saoráid trádála eagraithe” nó ‘STE’ saoráid trádála eagraithe mar a shainmhínítear i bpointe (23) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;’,

léitear:

‘ciallaíonn “saoráid trádála eagraithe” nó ‘OTF’ saoráid trádála eagraithe mar a shainmhínítear i bpointe (23) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;’.

12. Ar leathanach 33, Airteagal 6(2):

in ionad:

‘2. Scríobhfar an fhaisnéis i réamheolaire agus cuirfear í i láthair i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe, agus na fachtóirí a leagtar amach sa dara fomhír de mhír 1 á gcur san áireamh.’,

léitear:

‘2. Scríobhfar an fhaisnéis i réamheolaire agus cuirfear i láthair í i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe, agus na tosca a leagtar amach sa dara fomhír de mhír 1 á gcur san áireamh.’.

13. Ar leathanach 35, Airteagal 7(7), mír (d):

in ionad:

‘(d) faoi fho-roinn dar teideal “Cé na príomhphriacail a bhaineann go sonrach leis na hurrúis?” tuairisc ghairid ar na fachtóirí priacail is ábhartha do na hurrúis go sonrach, atá sa réamheolaire, nach mó ná líon iomlán na bhfachtóirí priacail a leagtar amach i mír 10.’,

léitear:

‘(d) faoi fho-roinn dar teideal “Cé na príomhrioscaí a bhaineann go sonrach leis na hurrúis?” tuairisc ghairid ar na tosca riosca is ábhartha do na hurrúis go sonrach, atá sa réamheolaire, nach mó ná líon iomlán na dtosca riosca a leagtar amach i mír 10.’.

14. Ar leathanach 45, Airteagal 16(3):

in ionad:

‘3. I gcás ina mbeidh ráthaíocht ag dul leis na hurrúis, beidh na fachtóirí sonracha agus ábhartha priacail sa réamheolaire a bhaineann leis an ráthóir a mhéid atá siad ábhartha do chumas an ráthóra a chuid gealltanais a chomhlíonadh faoin ráthaíocht.’,

léitear:

‘3. I gcás ina mbeidh ráthaíocht ag dul leis na hurrúis, beidh na tosca sonracha agus ábhartha riosca sa réamheolaire a bhaineann leis an ráthóir a mhéid atá siad ábhartha do chumas an ráthóra a chuid gealltanais a chomhlíonadh faoin ráthaíocht.’.

15. Ar leathanach 50, Airteagal 22(1):

in ionad:

‘1. Gach fógraíocht a bhaineann le hurrúis’,

léitear:

‘1. Gach fógrán a bhaineann le hurrúis’.

16. Ar leathanach 51, Airteagal 22(9):

in ionad:

‘9. Déanfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na forálacha i ndáil le fógraí a leagtar síos i mír 2 go mír 4 a shonrú tuilleadh, lena n-áirítear na forálacha a shonrú i ndáil le scaipeadh fógrán agus nósanna imeachta a bhunú maidir leis an gcomhar idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit ina bhfuil na fógráin á scaipeadh.’,

léitear:

‘9. Déanfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na forálacha i ndáil le fógráin a leagtar síos i mír 2 go mír 4 a shonrú tuilleadh, lena n-áirítear na forálacha a shonrú i ndáil le scaipeadh fógrán agus nósanna imeachta a bhunú maidir leis an gcomhar idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit ina bhfuil na fógráin á scaipeadh.’.

17. Ar leathanach 75, Iarscríbhinn IV, Cuid II:

in ionad:

‘Is é is críoch don chuid seo eolas a chur ar fáil maidir le straitéis agus cuspóirí na cuideachta a bhaineann le forbairt agus feidhmiú amach anseo agus faisnéis a thabhairt faoi oibríochtaí gnó na cuideachta, faoi na táirgí a dhéanann sí nó na seirbhísí a sholáthraíonn sí, faoina hinfheistíochtaí agus faoi na fachtóirí lena ndéantar difear don ghnó. Ina theannta sin, ní mór na fachtóirí priacail a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta agus faisnéis ábhartha treochtaí a áireamh.’,

léitear:

‘Is é is críoch don chuid seo eolas a chur ar fáil maidir le straitéis agus cuspóirí na cuideachta a bhaineann le forbairt agus feidhmiú amach anseo agus faisnéis a thabhairt faoi oibríochtaí gnó na cuideachta, faoi na táirgí a dhéanann sí nó na seirbhísí a sholáthraíonn sí, faoina hinfheistíochtaí agus faoi na tosca a dhéanann difear dá gnó. Ina theannta sin, ní mór na tosca riosca a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta agus faisnéis ábhartha treochtaí a áireamh.’.

RÄTTELSE

**till Europaparlamentets och rådets förordning (EU) 2017/1129 av den 14 juni 2017 om
prospekt som ska offentliggöras när värdepapper erbjuds till allmänheten eller tas upp till
handel på en reglerad marknad, och om upphävande av direktiv 2003/71/EG**

(Europeiska unionens officiella tidning L 168 av den 30 juni 2017)

1. Sidan 42 artikel 13.1 andra stycket, inledningen

I stället för:

”Följande ska särskilt beaktas vid fastställandet av de olika tidsplanerna för prospekt.”

ska det stå:

”Följande ska särskilt beaktas vid fastställandet av de olika tabellerna för prospekt.”

2. Sidan 42, artikel 13.1 tredje stycket

I stället för:

”Vid tillämpning av andra stycket led b ska kommissionen när den fastställer de olika tidsplanerna för prospekt föreskriva särskilda informationskrav ...”

ska det stå:

”Vid tillämpning av andra stycket b ska kommissionen när den fastställer de olika tabellerna för prospekt föreskriva särskilda informationskrav ...”

3. Sidan 42, artikel 13.2 andra stycket första meningen

I stället för:

”Genom tidsplanen ska det säkerställas att det universella registreringsdokumentet innehåller all nödvändig information om emittenten ...”

ska det stå:

”Genom tabellen ska det säkerställas att det universella registreringsdokumentet innehåller all nödvändig information om emittenten ...”
